F

# Baile an Easpaig go dtí an Chathair

## Bealach Roghnaithe Éiritheach na Conaire Iompair Inbhuanaithe

Comhairliúchán Poiblí, Meitheamh 2022



BUS CONNECTS CORK
SUSTAINABLE TRANSPORT FOR A BETTER CITY.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040



# Clár Ábhar


**1. Réamhrá** **4**

1.1 Infheistiú i dTodhchaí Chorcaí: Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí – An tIompar Poiblí i gCorcaigh a Athshamhlú 4
1.2 Cad is BusConnects Chorcaí ann? 6
1.3 Cad is Tionscadal na gConairí Iompair Inbhuanaithe ann? 9
1.4 An Leagan Amach Bóthair Féideartha 10
1.5 Cé na tairbhí a ghabhann le Tionscadal na gConairí Iompair Inbhuanaithe? 10
1.6 Na Bealaí Roghnaithe Éiritheacha 12

**2. Na Bealaí Roghnaithe Éiritheacha** **14**

2.1 An Bealach Roghnaithe Éiritheach le haghaidh na Conaire ó Bhaile an Easpaig go dtí an Chathair 14
2.2 Forbhreathnú ar an gConair ó Bhaile an Easpaig go dtí an Chathair 14
2.3 Eochairfhíricí 21
2.4 An téarmaíocht a thuiscint 22

**3. Na Dúshláin a d'Fhéadfadh Teacht Chun Cinn a Thuiscint agus Dóigheanna le Maolú** **24**

3.1 Forbhreathnú 24
3.2 Na dúshláin agus conas a mhaolóimid chun aghaidh a thabhairt orthu 25

**4. An Próiseas um Thalamh a Fháil** **28**

4.1 Conas a rachaidh an Tionscadal ar aghaidh trí chomhairliúcháin phoiblí go dtí Pleanáil Fhoirmiúil 30

**5. Conas is féidir páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí agus do thuairim a chur in iúl** **32**

5.1 Má tá ag úinéir réadmhaoine talamh a bhféadfadh go mbeadh tionchar air 32
5.2 Ceisteanna ginearálta 32
5.3 Conas is féidir aighneacht a sheoladh 32

**6. Aguisíní** **34**

Léarscáil Innéacs 35
Léarscáileanna Bealaigh 36

# 1. Réamhrá

## 1.1 Infheistiú i dTodhchaí Chorcaí: Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí – An tIompar Poiblí i gCorcaigh a Athshamhlú

Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair (an tÚdarás) tiomanta d'acmhainneacht fáis Chorcaí a chumasú agus do thacú lena forbairt sa todhchaí.

Is é sin an fáth a bhfuil an tÚdarás ag obair i gcomhpháirt le Comhairle Cathrach Chorcaí, le Comhairle Contae Chorcaí, le hIarnród Éireann, le Bus Éireann agus le Bonneagar Iompair Éireann chun Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Glacadh Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí sa bhliain 2020. Leis an Straitéis, soláthrófar gréasán inrochtana comhtháite iompair lena gcumasófar fás inbhuanaithe Limistéar Cathrach Chorcaí mar réigiún cathrach Eorpach atá dinimiciúil, nasctha agus iomaíoch ón taobh idirnáisiúnta de.

Tá sé mar aidhm le Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí cathair inchothaithe agus pobail nasctha a chruthú trí dheis a thabhairt do gach duine le rochtain a fháil ar roghanna iompair phoiblí inbhuanaithe agus ar bhonneagar rothaíochta agus siúil atá i bhfad níos fearr.

### An t-iompar a chur i gcroílár na físe do Chorcaigh

Leagtar amach i Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí fís uaillmhianach go soláthrófaí gréasán inrochtana comhtháite iompair lena gcumasófaí fás inbhuanaithe Limistéar Cathrach Chorcaí mar réigiún cathrach Eorpach atá dinimiciúil, nasctha agus iomaíoch ón taobh idirnáisiúnta de.

Tá cur chun feidhme Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí ag teacht le creat beartais náisiúnta leathan, ag tacú dó le forbairt réigiúnach, le fás geilleagrach, le gníomhú ar son na haeráide agus le hinfheistíocht in iompar inbhuanaithe.

Áirítear leis an gcreat sin:

- An Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030
- An Plean Gnímh don Aeráid 2021
- An Creat Náisiúnta Pleanála 2040
- An Beartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe

### Ciallaíonn Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí:

Infheistíocht is fiú na billiúin Euro san iompar i Limistéar Cathrach Chorcaí thar an bhfiche bliain atá romhainn, rud lena soláthrófar:

- Córas bus atá bunathraithe chun feabhais – BusConnects Chorcaí;
- Córas iarnróid comaitéireachta níos fearr – Clár Iarnróid Comaitéireachta Chorcaí;
- Líne iarnróid éadroim nua soir-siar – Luas Chorcaí;
- Gréasán cuimsitheach rothaíochta lena soláthrófar saoráidí sábháilte rothaíochta ar fud an réigiúin;
- Naisc bóithre éagsúla nua agus feabhsuithe éagsúla bóithre móide soláthar páirceála agus taistil; agus
- Saoráidí breisithe do choisithe.


208
Bus Éireann
TFI
TRANSPORT
FOR
IRELAND
TAXI

Is é an toradh a bheidh ar Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí ná gur d'iompar poiblí, de rothar nó de shiúl na gcos a thógfar breis agus leath na dturas uile a thógfar ag buaic-am na maidine a luaithe a chuirfear an Straitéis i gcrích. Is ionann an figiúr reatha agus 26%.

## 1.2 Cad is BusConnects Chorcaí ann?

Chun cabhrú le Cathair Chorcaí agus le Contae Chorcaí an fhís seo don todhchaí a bhaint amach go hiomlán, tá an tÚdarás ag beartú infheistíocht is fiú leathbhilliún Euro a dhéanamh chun Conairí Iompair Inbhuanaithe a fhorbairt, agus bóithre agus sráideanna tábhachtacha á n-athchóiriú go hiomlán chun feabhas a chur ar an soláthar do bhusanna, do rothaithe agus do choisithe, mar phríomh-chomhpháirt de BusConnects Chorcaí.

I gcás mhuintir Chorcaí, is é an toradh a bheidh ar an infheistíocht sin ná go mbeidh nascacht níos mó acu leis an bhfostaíocht, leis an oideachas, le baill teaghlaigh agus cairde, leis an miondíol agus le creatlach mhéadaitheach shóisialta agus chultúrtha an réigiúin.

Cabhróidh sé sin leis an gcathair a spriocanna aeráide a bhaint amach, éirí níos inbhuanaithe, rannchuidiú leis an ngeilleagar a fhás, inrochtaineacht a fheabhsú agus agaí turais sa chathair a laghdú go mór.

Is é is BusConnects ann ná clár an Údaráis Náisiúnta Iompair a bhfuil mar aidhm leis feabhas a chur ar sheirbhísí bus i limistéir chathrach in Éirinn. Beidh infheistíocht €600m i gceist le BusConnects Chorcaí. Áirítear leis naoi mbeart lena mbunathrófar córas bus Chorcaí chun feabhais, rud a fhágfaidh go mbeidh an t-iompar poiblí níos úsáidí do níos mó daoine. A bhuí le BusConnects Chorcaí, breiseofar cumas agus acmhainn an chórais iompair phoiblí.

Leis an tionscadal, tacófar le córas iompair phoiblí atá íseal ar charbón agus athléimneach ó thaobh na haeráide de a sholáthar, agus cuirfear feabhas mór ar rochtain ar phoist agus ar oideachas. Beidh ról lárnach ag an tionscadal freisin maidir le feabhas a chur ar an ríocht phoiblí agus ar Lár Cathracha agus maidir leis na limistéir sin a athghiniúint.



**Cumas agus acmhainn an chórais iompair phoiblí a bhreisiú** trí fheabhas a chur ar luasanna, iontaofacht agus poncúlacht bus ach lánaí bus a sholáthar agus bearta eile a dhéanamh ar mhaithe le tosaíocht a thabhairt do ghluaiseacht bus in ionad gluaiseachtaí tráchta ghinearálta



**Tacú le seirbhís iompair phoiblí atá éifeachtúil, íseal ar charbón agus athléimneach ó thaobh na haeráide de a sholáthar,** ar seirbhís í a thacaíonn le spriocanna laghdaithe astaíochtaí na hÉireann a bhaint amach



**Feabhas a chur ar an rochtain ar phoist, ar oideachas agus ar dheiseanna sóisialta agus eacnamaíocha eile** trí nascacht inbhuanaithe fheabhsaithe agus comhtháthú inbhuanaithe feabhsaithe a sholáthar le seirbhísí eile iompair phoiblí



**An acmhainn rothaíochta a bhreisiú trí bhonneagar sábháilte a sholáthar le haghaidh rothaíochta,** agus é leithscartha ón trácht ginearálta nuair is féidir



**Fás dlúth, deiseanna athghiniúna agus úsáid níos éifeachtaí talún i gCorcaigh a chumasú** do ghlúine an ama atá i láthair agus an ama atá le teacht trí ghréasáin iompair inbhuanaithe atá sábháilte agus éifeachtúil a sholáthar



**A chinntiú go mbreithneofar an ríocht phoiblí go cúramach** le linn an bonneagar iompair a dhearadh agus a fhorbairt agus féachaint le feabhas a chur ar phríomhphointí fócasacha uirbeacha nuair is cuí agus is indéanta

## Tá sé mar aidhm le BusConnects Chorcaí athchóiriú a dhéanamh ar an gcóras reatha iompair i Limistéar Cathrach Chorcaí trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

1. 
**Gréasán conairí nua bus agus rothaíochta a thógáil**

2. 
**An gréasán bus a athdhearadh go hiomlán**

3. 
**Córas ticéadaithe úrscothach nua**

4. 
**Córas íocaíochta gan airgead tirim a chur chun feidhme**

5. 
**An córas táillí a athchóiriú go hiomlán**

6. 
**Libhré nua bus**

7. 
**Stadanna agus scáthláin nua bus a bhfuil comharthaí níos fearr agus faisnéis níos fearr acu**

8. 

**Láithreacha nua Páirceála agus Taistil ag príomhláithreacha**

9. 
**Aistriú chuig flít busanna astaíochtaí nialasacha**

Tá roinnt de na tionscnaimh ar siúl cheana féin. Áirítear leo sin **an Gréasán Bus i Limistéar Cathrach Chorcaí a athdhearadh**, rud ar seoladh dhá bhabhta comhairliúcháin phoiblí ina leith le linn na bliana 2021. Foilsíodh an Gréasán Bus Athdheartha Deiridh do Chorcaigh le déanaí agus cuirfear chun feidhme é idir na blianta 2023 agus 2024.

**Athstruchtúrú an chórais táillí**
trí tháille nua 90 nóiméad lena gcumasófar do phaisinéirí roinnt turas a thógáil ar mhodhanna éagsúla iompair laistigh de thréimhse 90 nóiméad óna chéile gan aon chostas airgeadais eile a thabhú. Bunchloch eile de chlár BusConnects is ea an flít busanna díosail a aistriú ina bhfeithiclí lánleictreacha astaíochtaí nialasacha. Tá an t-aistriú sin ar siúl cheana féin i mórchathracha na hÉireann, agus tá na chéad bhusanna lánleictreacha do Chorcaigh le soláthar sa bhliain 2023.

## 1.3 Cad is Tionscadal na gConairí Iompair Inbhuanaithe ann?

Is é atá i gceist leis na tograí ná infheistiú i gConairí Iompair Inbhuanaithe a mbeidh tosaíocht leanúnach bus acu – is é atá i gceist léi sin sa chuid is mó de chásanna ná go mbeidh lána leanúnach bus ann i ngach treo, cé go n-úsáidtear socruithe eile i láithreacha srianta. Cuirfidh sé sin deireadh leis na moilleanna a tharlaíonn sa chóras bus faoi láthair, agus a éireoidh níos measa de réir mar a mhéadaíonn plódú, agus cumasóidh sé do bhusanna na mílte paisinéirí a iompar ar shlí ina mbeidh tuilleadh cinnteachta ag paisinéirí maidir leis an am a bhainfidh siad a gceann scríbe amach.

Tá sé beartaithe againn raonta leithscartha rothar a sholáthar i ngach treo feadh na gconairí sin, agus iad scartha chomh fada agus is féidir ó thrácht ginearálta.

I limistéir inar féidir go mbeidh deacracht ag baint leis sin, tá sé beartaithe againn raonta rothar as líne a sholáthar, áit a rachaidh raon rothar amach ón gConair Iompair Inbhuanaithe agus isteach ar bhóthar níos ciúine nó ar rotharbhealach saintógtha sula bhfillfidh sé ar an gconair.

Gnéithe eile de na Conairí Iompair Inbhuanaithe atá beartaithe a bheidh i mbonneagar nua rothaíochta agus siúil agus a bheidh i bhfeabhas a chur ar an tosaíocht bus ar bhóithre agus sráideanna i gCorcaigh. A bhuí leis na conairí nua, méadófar an líon daoine a bheidh ag taisteal de shiúl na gcos agus de rothar chun na hoibre nó chun an choláiste, chun dul ag siopadóireacht nó chun bualadh le cairde, agus feabhas ó bhonn á chur acu ar mhinicíocht agus iontaofacht na seirbhísí bus ar fud na cathrach.

**93km** de thosaíocht bus/lána



**112km** de shaoráidí rothaíochta (i dtreo amháin), ag soláthar 56 km den ghréasán rothaíochta



## 1.4 An Leagan Amach Bóthair Féideartha

Chun na Conairí Iompair Inbhuanaithe a chruthú, beidh sé riachtanach athruithe ar na leaganacha amach bóthair atá ann cheana a dhearadh agus a thógáil. Leis an dearadh nua, éascófar cosáin fheabhsaithe, raonta leithscartha rothar, nuair is féidir, agus lánaí tiomnaithe bus chun na busanna a bhaint den phlódú. Tá sampla de leagan amach bóthair le feiceáil thíos. Ní féidir an leagan amach sin a thabhairt isteach ach i limistéir áirithe, áfach.

Is roghanna Bealaigh Roghnaithe Éirithigh ag an am seo iad na bealaí uile. Tabharfar faoi mhéid fairsing comhairliúcháin phoiblí i ndáil leis na tograí seo agus is dóigh go gcuirfear na mionchoigeartuithe agus na hathruithe éagsúla ar áireamh de réir mar a dhéantar dul chun cinn ar an teagmháil agus idirphlé sin leis an bpobal.




## 1.5 Cé na tairbhí a ghabhann le Tionscadal na gConairí Iompair Inbhuanaithe?

A bhuí leis na Conairí Iompair Inbhuanaithe atá á mbeartú chun fís Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí a bhaint amach, tabharfar roinnt tairbhí a mbeidh tionchar forleathan acu ar gach modh iompair i gCorcaigh.

### 1.5.1 Agaí Turais Bus Níos Fearr

Trí fheabhas a chur ar na bóithre agus ar an mbonneagar ar a n-oibríonn seirbhísí bus, is é an toradh deiridh a bheidh ar BusConnects Chorcaí ná córas bus i bhfad níos éifeachtúla a bhaint amach do Chorcaigh. Trí fheabhas a chur ar an tosaíocht bus ar fud na cathrach, laghdófar agaí turais agus éireoidh agaí turais i bhfad níos intuartha.

Is córas bus an-iontaofa é córas ina soláthraítear agaí turais a éiríonn níos gasta agus níos intuartha i gcónaí. A bhuí leis an iontaofacht mhéadaithe sin, beidh an t-iompar poiblí i gCorcaigh níos tarraingtí do thuilleadh daoine agus éireoidh an soláthar tiománaithe agus busanna do sheirbhísí bus níos cuíchóirithe.

### 1.5.2 Timpeallacht Níos Fearr do Rothaithe

Tá i bhfad níos mó i gceist le BusConnects Chorcaí ná infheistíocht i mbusanna agus i lánaí bus amháin. Go deimhin, is é an toradh a bheidh ar an bplean seo ná saoráidí rothaíochta a bhfuil géarghá leo a sholáthar agus cur lena éasca, lena shábháilte agus lena tharraingtí atá sé rothaíocht a dhéanamh ar fud réigiún Chathair Chorcaí.

Ní thógtar de rothar ach 1% de na 803,000 turas a thógtar i Limistéar Cathrach Chorcaí ar mheánlá le linn na seachtaine. Toisc shuntasach taobh thiar den líon íseal rothaithe is ea an easpa bonneagair shábháilte rothaíochta atá ar fáil. Dá réir sin, tá sé mar aidhm le Tionscadal na gConairí Iompair Inbhuanaithe an scéal sin a fheabhsú go mór trí ghréasán lánaí rothar agus raonta rothar a thógáil, ar gréasán é a bheidh ina chroílár de ghréasán rothaíochta an réigiúin.

Is ionann na mór-Chonairí Iompair Inbhuanaithe

ar fud an limistéir cathrach agus na príomhartairí rothaíochta freisin. Agus na bóithre sin á n-athchumrú lena n-úsáid mar lánaí bus, beidh deis ann an bonneagar rothaíochta a bhunathrú chun feabhais ag an am céanna.

Ar gach ceann den 12 Chonair Iompair Inbhuanaithe, is é an cuspóir atá againn infheistiú i saoráidí rothaíochta atá ar ardchaighdeán agus atá leithscartha ó na lánaí bus agus ó lánaí tráchta ghinearálta, a mhéid is indéanta, agus iad a sholáthar. Tógfar thart ar 112 km de shaoráidí rothaíochta (i dtreo amháin), rud lena soláthrófar 56 km den ghréasán rothaíochta. Rachaidh gréasán rothaíochta níos fearr chun tairbhe do gach úsáideoir iompair. Fágfaidh sé nach gá do rothaithe lánaí tráchta ghinearálta ná lánaí bus a chomhroinnt le busanna agus cuirfidh sé deireadh le cuid mhór de na coinbhleachtaí a bhíonn ann idir an trácht ginearálta, busanna agus rothaithe. Croílár de ghréasán rothaíochta an réigiúin a bheidh sa bhonneagar rothaíochta a sholáthrófar faoin gclár seo, agus bunathrú radacach á dhéanamh ar shaoráidí rothaíochta i gCorcaigh ag an am céanna.

### 1.5.3 Saoráidí Níos Fearr do Choisithe

Tá sé mar chomhpháirt lárnach de thionscadal na gConairí Iompair Inbhuanaithe leas a bhaint as an deis uathúil seo chun timpeallacht níos fearr a chruthú do choisithe le linn dúinn feabhas a chur ar chonairí. Beidh sé mar aidhm ar leith againn cosáin nua a sholáthar i limistéir ina bhfuil siad in easnamh faoi láthair, feabhas a chur ar cháilíocht na gcosán agus na dtrasrianta coisithe agus saoráidí coisithe a mhéadú ag acomhail.

Cuirfimid feabhas ar lárionaid thábhachtacha áitiúla freisin trí fheabhsuithe ar an ríocht phoiblí, lena n-áireofar saoráidí breise tírdhreachaithe agus amuigh faoin spéir.

### 1.5.4 Cathair Inbhuanaithe Inchónaithe

Is é atá i gceist le BusConnects Chorcaí ná iompar inbhuanaithe a dhéanamh ina rogha níos fearr agus níos inrochtana. Trí sheirbhís bus atá ar ardchaighdeán, minic agus iontaofa a sholáthar, agus trí fheabhas a chur ar an mbonneagar rothaíochta agus coisithe, is féidir linn Corcaigh a dhéanamh ina háit níos tarraingtí chun cónaí agus obair ann agus chun cuairt a thabhairt air. Trí roinnt daoine a aistriú ar shiúl ón gcarr agus i dtreo busanna, rothar agus cosán, laghdófar plódú i gCorcaigh agus éireoidh sí níos neamhdhíobhálaí don aeráid. Beifear in ann tuilleadh codanna den réigiún a rochtain tríd an iompar poiblí agus, ag gach céim den phróiseas deartha, déanfar breithniú cúramach ar chuimsiú daoine a bhfuil riachtanais bhreise acu. Agus iompar poiblí atá éifeachtach agus inrochtana ann, cumasófar do gach duine, beag beann ar aois agus ar chumas, barr a gcumais a bhaint amach agus páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí.

### 1.5.5 Tacú leis an nGeilleagar

Tá córas dea-fheidhmiúil iompair phoiblí ina bhunriachtanas d'aon limistéar ceannchathartha atá ag iarraidh cuid mhór deiseanna fostaíochta a sholáthar dá mhuintir sa todhchaí. Tá roinnt sársheirbhísí bus agus iarnróid ann i gCorcaigh. Má tá sí chun barr a cumais a bhaint amach mar chathair is gasta fás in Éirinn agus leanúint leis na poist is fearr agus na fostóirí is fearr a mhealladh, áfach, beidh orainn córas iompair a fhorbairt lena bhfreastalófar ar na riachtanais atá ag réigiún atá i mbéal mearfhorbartha.

Trí lánaí tiomnaithe bus agus saoráidí rothaíochta níos sábháilte a chruthú, éireoidh turais de bhus nó de rothar níos caoithiúla, níos tarraingtí agus níos iontaofa. Fágfaidh sé sin go mbeidh daoine in ann turais a phleanáil go muiníneach, agus Corcaigh ag éirí níos tarraingtí d'fhostóirí. Dá bharr sin, méadófar gníomhaíocht gheilleagrach agus athghinfear an Chathair. Beidh sé níos éasca do dhaoine dul amach sa chathair agus taitneamh a bhaint aisti agus as gach ní atá ar fáil inti freisin, rud a rachaidh chun tairbhe do ghnólachtaí i lár na cathrach agus níos faide i gcéin.



# 1.6 Na Bealaí Roghnaithe Éiritheacha

# Conairí Iompair Inbhuanaithe

- A Dún Citil go dtí an Chathair
- B Baile na mBocht go dtí an Chathair
- C An Linn Dubh go dtí an Chathair
- D Cnoc an Chuilinn go dtí an Chathair
- E Baile an Chollaigh go dtí an Chathair
- F Baile an Easpaig go dtí an Chathair
- G An Tóchar go dtí an Chathair
- H Bóthar an Aerfoirt go dtí an Chathair
- I Cnoc Maryborough go dtí an Chathair
- J Machain go dtí an Chathair
- K Bóthar Chionn tSáile go Dúglas
- L Tobar Rí an Domhnaigh go Cnoc an Chuilinn

Conair Iompair Inbhuanaithe

Saoráidí Malartacha Rothaíochta


AN BHLARNA
GLEANN MAGHA
BAILE AN CHOLLAIGH
TEAMHAIR
CLOCH REO
LOCH CHLAIS AN GHAINIMH
AN SRÁIDBHAILE THIAR
CARRAIG RUACHÁIN
CNOC NA HAOINE
CNOC AN CHOLLINN
GARRÁN NA MBRÁTHAR
PÁIRC NA HEAGLAISE
AN LINN DUBH
FEARANN
CNOC BHAILE ÁTHA CLIATH
BAILE UÍ MHAOLÁIN
BAILE NA MBOCHT
MONTENOTTE
LÁR NA CATHRACH
AN SEANDÚN
DEARGMHÓIN
CEANTAR NA NDUGAÍ
BAILE AN TEAMPAILL
AN DÚCHARRAIG
MACHAIN
BAILE AN LOCHA
AN CNOCÁN GLAS
AN LOCH
BAILE FÉITHEÁN
WILTON
BAILE AN EASPAIG
ARD AN RÓISTIGH
AN TÓCHAR
GORT PHROINSIAS
AN GHRÁINSEACH
DÚGLAS
MARYBOROUGH
BAILE AN RÓISTIGH
AN GARRAÍ DUBH
LEHENAGHMORE
DOMHNACH BROC
MUINE GUAIRNE
SRUTHÁN NA SAILEACH
N20
N22
N40
N71
N27
N28
N8
R639
A
B
C
D
E
F
G
H
I
J
K
L

# 2. Na Bealaí Roghnaithe Éiritheacha

## 2.1 An Bealach Roghnaithe Éiritheach le haghaidh na Conaire ó Bhaile an Easpaig go dtí an Chathair

Sainaithníodh an Bealach Roghnaithe Éiritheach atá leagtha amach sa doiciméad comhairliúcháin seo tar éis measúnú a dhéanamh ar roghanna malartacha éagsúla.

Is é a bhí i gceist leis an bpróiseas roghnúcháin bealaigh ná na roghanna féideartha a shainaithint agus a bhreithniú trí aird a thabhairt ar chritéir amhail tionchair áitiúla ar éadanas réadmhaoine, patrúin tráchta atá ann cheana agus measúnú leathan ar thionchair ar an timpeallacht. Is ar fáil ar **www.BusConnects.ie** atá Tuarascáil Indéantachta ina dtugtar mionsonraí faoin obair measúnachta a rinneadh.

Ag teacht sna sála ar an obair sin, sainaithníodh Bealach Roghnaithe Éiritheach le haghaidh na conaire seo agus tá aiseolas ón bpobal ar an togra sin á lorg anois. Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird nár glacadh an rogha seo go fóill. Ní dhéanfar cinneadh ar an mBealach Roghnaithe deiridh ach amháin tar éis an comhairliúchán poiblí seo a chur i gcrích agus tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na haighneachtaí arna bhfáil.

## 2.2 Forbhreathnú ar an gConair ó Bhaile an Easpaig go dtí an Chathair

Pointe tosaithe na **Conaire Iompair Inbhuanaithe ó Bhaile an Easpaig go dtí an Chathair (Conair Iompair Inbhuanaithe F)** is ea an t-acomhal idir Bóthar Melbourn agus Bóthar an Churraichín. Leanann an chonair feadh Bhóthar an Churraichín agus ar aghaidh go Bóthar Bhaile an Easpaig. Téann an chonair thar Ospidéal Ollscoile Chorcaí ansin. Ag Timpeallán Wilton atá ann cheana, casann an chonair ó thuaidh isteach ar Bhóthar Wilton agus leanann sí ar aghaidh go Crois Uí Dhuineacha. Feadh Bhóthar Wilton, soláthraítear do rothaithe bealach malartach comhthreomhar ar an taobh thoir. Beidh an bealach malartach sin atá beartaithe ina shaoráid nua easbhóthair chomhroinnte do choisithe agus do rothaithe agus beidh sé inrochtana ó Bhóthar Wilton, ó Bhóthar an Ghlaisín agus ó Bhóthar na hArmlainne.

Ó Chrois Uí Dhuineacha, leanann an chonair ar aghaidh ó thuaidh feadh Bhóthar Chrois Victoria agus isteach ar Bhóthar an Iarthair. Faoi mar atá amhlaidh i gcás Bhóthar Wilton, soláthraítear do rothaithe bealach malartach feadh cuid den chonair, rud nach bhfuil inrochtana ag busanna agus a fhágann Bóthar an Iarthair chun dul isteach ar an mbealach comhthreomhar atá ann cheana feadh Shiúlán na Muirdíge. Cumascann na conairí rothaíochta agus bus le chéile ag an acomhal idir Bóthar Uí Dhonnabháin agus Bóthar an Iarthair ansin. Leanann an chonair ar aghaidh feadh an chuid atá fágtha de Ché Lancaster agus de Shráid Washington sula gcríochnaíonn sí ag an acomhal idir Sráid Washington agus Sráid an Chapaill Bhuí.

Soláthraítear raonta tiomnaithe rothar nó saoráidí rothaíochta malartacha easchonaire feadh Chonair Iompair Inbhuanaithe F ar fad. Tugtar tosaíocht do bhusanna feadh an chuid is mó den Chonair Iompair Inbhuanaithe trí leas a bhaint as lánaí tiomnaithe bus sa dá threo agus as bearta malartacha ag láithreacha a bhfuil srianta ar leith ag gabháil leo.

Sna míreanna seo a leanas, déanfar cur síos níos mine ar gach cuid de Chonair Iompair Inbhuanaithe F, agus sainaithint á déanamh ar na bearta atá beartaithe chun go dtabharfar tús áite don iompar inbhuanaithe.

### 2.2.1 Bóthar Melbourn go Bóthar Wilton

Pointe tosaithe Chonair Iompair Inbhuanaithe F is ea an t-acomhal idir Bóthar Melbourn agus Bóthar an Churraichín. Tá sé beartaithe bonneagar tiomnaithe rothaíochta a sholáthar sa dá threo feadh Bhóthar an Churraichín ó Bhóthar Melbourn go Timpeallán Wilton.

Tá sé beartaithe lánaí bus isteach (i dtreo na cathrach) a sholáthar feadh Bhóthar an Churraichín idir Bóthar Hawke agus Bóthar Bhaile an Easpaig agus ar Bhóthar Bhaile an

Easpaig idir Bóthar Chúirt an Easpaig agus Bóthar Wilton. Beidh bearnaí beaga ann sa soláthar in áiteanna ina bhfuil srianta spáis ar leith; tá sé beartaithe comharthaí tosaíochta bus a sholáthar sna láithreacha sin.

Sa treo amach ar Bhóthar Bhaile an Easpaig, tá sé beartaithe lánaí bus a sholáthar idir Bóthar Wilton agus an bealach isteach atá ann cheana in Aldi. Tá sé beartaithe codanna gearra de lána bus a sholáthar idir Ascaill Wilton agus Cúirt Bhaile an Easpaig agus ar Bhóthar an Churraichín idir Lána an Bharóidigh agus an bealach i dtreo Bhóthar Melbourn. Tá sé beartaithe comharthaí tosaíochta bus a thabhairt isteach i láithreacha nach féidir lánaí bus a sholáthar iontu.

Tá sé beartaithe Timpeallán Wilton a uasghrádú ina acomhal soilsithe chun freastal ar shlí níos fearr ar gach modh iompair, go háirithe chun an crosbhealach a dhéanamh níos sábháilte do rothaithe agus do choisithe. Déanfar an trasrian soilsithe idir Ospidéal Ollscoile Chorcaí agus Ionad Siopadóireachta Wilton a athdhearadh freisin chun feabhas a chur ar shábháilteacht coisithe.

Mar chuid den bhonneagar bus agus rothaíochta atá beartaithe, modhnófar an chuid atá ann cheana den débhealach i dtreo Thimpeallán Wilton agus ceadófar do thrácht atá ag casadh ar dheis dul amach as crios miondíola na Sráide Airde agus as Aldi agus Lidl araon. Tá sé beartaithe feabhas a chur ar an ríocht phoiblí ar an gcuid seo de Bhóthar Bhaile an Easpaig freisin, lena n-áirítear trí chrainn nua a chur agus trí limistéir ghlasa nua a chruthú.

Tá sé beartaithe stadanna bus atá nua agus feabhsaithe a sholáthar feadh an chuid ar fad den chonair, áit a n-athlonnófar a lán stadanna bus chun freastal ar úsáideoirí ar dhóigh níos fearr agus chun soláthar an bhonneagair bhreisithe a chumasú.

Tá sé beartaithe feabhsuithe agus breisithe a dhéanamh ar spásanna uirbeacha agus ar na timpeallachtaí coisithe/rothaíochta freisin ag a lán acomhal feadh an chuid seo den chonair, mar atá leagtha amach sa tábla seo a leanas.

Chun freastal ar na feabhsuithe iompair inbhuanaithe sin, tá sé beartaithe go mbeidh tógáil talún theoranta ag teastáil ag na neasláithreacha seo a leanas:

- Tailte ar an dá thaobh de Bhóthar an Churraichín idir Bóthar Melbourn agus Bóthar Bhaile an Easpaig, lena n-áirítear talamh ó limistéir ghlasa atá ann cheana ag Bóthar an Gheata Thiar agus ag Ascaill Gharrán na Giúise;
- Tailte ar an taobh thuaidh de Bhóthar Bhaile an Easpaig idir Bóthar an Churraichín agus Ascaill Wilton;
- Tailte ón limistéar glas atá ann cheana ag Cúirt an Easpaig; agus
- Tailte ar Bhóthar Bhaile an Easpaig os comhair Ascaill Wilton.

## Feabhsuithe Beartaithe ar Spásanna Uirbeacha agus ar an Timpeallacht Coisithe/Rothaíochta

| Láthair | Feabhsuithe Beartaithe |
|---|---|
| Bóthar an Churraichín, ag na hacomhail le Bóthar Melbourn, le Bóthar Hawke agus le Bóthar Bhaile an Easpaig. | Feabhsuithe ar na hacomhail shoilsithe atá ann cheana, agus tús áite á thabhairt do dhearadh a thacóidh le coisithe agus le rothaithe. |
| Bóthar an Churraichín, ar an mbealach i dtreo Lána an Bharóidigh. | Trasrian athlonnaithe coisithe chun rochtain éasca ar stadanna nua bus agus tréscaoilteacht atá feabhsaithe go ginearálta a éascú do choisithe. |
| Bóthar Bhaile an Easpaig, ag an acomhal le hAscaill Wilton agus ag an acomhal le hOspidéal Ollscoile Chorcaí/Ionad Siopadóireachta Wilton. | Feabhsuithe ar na hacomhail shoilsithe atá ann cheana, agus tús áite á thabhairt do dhearadh a thacóidh le coisithe agus le rothaithe. |
| Timpeallán Wilton. | Timpeallán Wilton a thiontú ina acomhal crosbhóthair soilsithe lena ngabhfaidh dearadh a thacóidh le coisithe agus le rothaithe. |

### 2.2.2 Bóthar Wilton go Bóthar an Iarthair (Bandfield)

Imíonn na bealaí atá beartaithe do rothaithe agus do bhusanna sa Chonair Iompair Inbhuanaithe óna chéile ag an acomhal idir Bóthar Wilton agus Bóthar Bhaile an Easpaig. Leanann busanna ar aghaidh ar Bhóthar Wilton. Soláthraítear do rothaithe bonneagar nua feadh Bhóthar an Ghlaisín, rud a théann trí Pháirc Liam Uí Loingsigh agus ar aghaidh go saoráid nua a chomhroinnfear le coisithe. Rithfidh an tsaoráid sin go Bóthar Wilton trí thailte spóirt Choláiste Bhráithre na Toirbhearta.

Soláthrófar do rothaithe raon rothar dhá threo feadh Bhóthar an Ghlaisín idir Bóthar Wilton agus Páirc Liam Uí Loingsigh. Leanfaidh an tsaoráid rothaíochta dhá threo tríd an limistéar glas in aice le Páirc Liam Uí Loingsigh. Éireoidh sí ina “Ciúinbhealach” ar Bhóthar Pháirc Liam Uí Loingsigh ansin sula gcasfaidh sí isteach ar an tsaoráid easbhóthair atá beartaithe do choisithe/rothaithe. Áirítear leis an togra seo rochtain dhíreach ar Ospidéal Ollscoile Chorcaí a thabhairt do rothaithe atá ag teacht ó Pháirc Liam Uí Loingsigh trí raon rothar dhá threo a thrasnóidh Bóthar Wilton.

Tá sé beartaithe lánaí bus a sholáthar sa dá threo feadh Bhóthar Wilton idir Bóthar Bhaile an Easpaig agus Crois Uí Dhuineacha. Beidh an t-acomhal atá ann cheana idir Bóthar Wilton agus Páirc Liam Uí Loingsigh dúnta do thrácht ginearálta (beidh Páirc Liam Uí Loingsigh fós inrochtana ag trácht áitiúil ón mbealach isteach thoir).

Cumascann na bealaí bus agus rothaíochta ag Crois Uí Dhuineacha agus taistealaíonn an chonair feadh Bhóthar Chrois Victoria, áit a soláthraítear lánaí tiomnaithe rothar agus bus sa dá threo chomh fada leis an acomhal le Bóthar Charraig Ruacháin (ag Crois Victoria). Áireofar leis sin droichead nua a thógáil do choisithe/rothaithe, rud a thrasnóidh an tSabhrainn in aice le Droichead Victoria ar Bhóthar Chrois Victoria.

Agus iad ag dul soir ón acomhal ag Crois Victoria, soláthraítear do choisithe saoráid rothaíochta dhá threo feadh an taoibh thuaidh den chonair chun nascadh le Siúlán na Muirdíge trí Bhóthar an Iarthair. Áireofar leis sin droichead nua a thógáil do choisithe/rothaithe, rud a thrasnóidh an Laoi in aice le O'Neill Crowley Bridge ar Bhóthar an Iarthair. Ar Shiúlán na Muirdíge, bainfidh rothaithe leas as an gCiúinbhealach atá ann cheana agus fillfidh siad ar an gconair bus ag an acomhal idir Bóthar Uí Dhonnabháin agus Bóthar an Iarthair (Bandfield).

## Feabhsuithe Beartaithe ar Spásanna Uirbeacha agus ar an Timpeallacht Coisithe/Rothaíochta

| Láthair | Feabhsuithe Beartaithe |
|---|---|
| Bóthar an Ghlaisín, Iastoir de Thimpeallán Wilton. | Trasrian athlonnaithe coisithe chun rochtain éasca ar stadanna nua bus agus tréscaoilteacht atá feabhsaithe go ginearálta a éascú do choisithe. |
| Tailte Iastoir de Bhóthar Wilton. | Saoráid nua chomhroinnte do choisithe agus rothaithe a rithfidh go comhthreomhar le Bóthar Wilton trí Thailte Spóirt Choláiste Bhráithre na Toirbhearta, agus naisc á soláthar le Páirc Liam Uí Loingsigh, le Bóthar Wilton agus le Bóthar na hArmlainne. |
| Bóthar Wilton, ag an trasrian coisithe atá ann cheana ó Pháirc Liam Uí Loingsigh go hOspidéal Ollscoile Chorcaí. | Feabhsuithe ar an trasrian coisithe atá ann cheana. |
| Bóthar Wilton, ag na hacomhail le Gairdíní Wilton agus le Bóthar Chrois Victoria/Bóthar na Modhfheirme/Bóthar na hArmlainne (Crois Uí Dhuineacha). | Feabhsuithe ar an acomhal soilsithe atá ann cheana, agus tús áite á thabhairt do dhearadh a thacóidh le coisithe agus le rothaithe. |
| Bóthar Chrois Victoria, ag Droichead Victoria. | Saoráid chóngarach a sholáthar do choisithe/rothaithe Iastoir den droichead atá ann cheana. |
| Bóthar Chrois Victoria, ag na hacomhail le Bóthar an N22/Bóthar Charraig Ruacháin agus Bóthar an Iarthair. | Feabhsuithe ar na hacomhail shoilsithe atá ann cheana, agus tús áite á thabhairt do dhearadh a thacóidh le coisithe agus le rothaithe. |

Tá sé beartaithe lánaí bus a sholáthar sa treo isteach agus sa treo amach araon ar Bhóthar an Iarthair idir Bóthar Charraig Ruacháin agus Bóthar Uí Dhonnabháin.

Tá sé beartaithe stadanna bus atá nua agus feabhsaithe a sholáthar feadh an chuid ar fad den chonair, áit a n-athlonnófar a lán stadanna bus chun freastal ar úsáideoirí ar dhóigh níos fearr agus chun soláthar an bhonneagair bhreisithe a chumasú.

Tá sé beartaithe feabhsuithe agus breisithe a dhéanamh ar spásanna uirbeacha agus ar na timpeallachtaí coisithe/rothaíochta freisin ag a lán acomhal feadh an chuid seo den chonair, mar atá leagtha amach sa tábla seo a leanas.

Chun freastal ar na feabhsuithe iompair inbhuanaithe sin, tá sé beartaithe go mbeidh tógáil talún ag teastáil ag na neasláithreacha seo a leanas:

- Tailte ar an dá thaobh de Bhóthar Wilton idir Timpeallán Wilton agus Crois Uí Dhuineacha;
- Tailte ar an taobh thuaidh de Bhóthar an Ghlaisín idir Bóthar Bhaile an Easpaig agus Bóthar Bhaile Uí Shomacháin;
- Tailte ón limistéar glas atá ann cheana laistigh de Pháirc Liam Uí Loingsigh;
- Tailte ar an taobh thuaidh de Bhóthar Pháirc Liam Uí Loingsigh agus laistigh de Thailte Spóirt Choláiste Bhráithre na Toirbhearta;
- Tailte ar an dá thaobh de Bhóthar Chrois Victoria idir Crois Uí Dhuineacha agus Bóthar an Fhearainn Léith;
- Tailte ar an taobh thoir de Bhóthar Chrois Victoria idir Bóthar an Fhearainn Léith agus Bóthar Charraig Ruacháin;
- Tailte ar an taobh thuaidh de Bhóthar Chrois Victoria idir Bóthar Charraig Ruacháin agus Bóthar an Iarthair;
- Cuid bheag de thalamh ar an dá thaobh de Bhóthar an Iarthair ag Eaglais an Chroí Rónaofa; agus
- Codanna de thógáil talún feadh Bhóthar an Iarthair idir an t-acomhal le Bóthar Chrois Victoria agus an t-acomhal le Bóthar Uí Dhonnabháin.

### 2.2.3 Bóthar an Iarthair (Bandfield) go Sráid an Chapaill Bhuí

Agus iad ag leanúint soir ón acomhal idir Bóthar an Iarthair agus Bóthar Uí Dhonnabháin (Bandfield), taistealaíonn rothaithe agus busanna araon feadh an chuid atá fágtha de Bhóthar an Iarthair, de Ché Lancaster agus de Shráid Washington.

Tá sé beartaithe bonneagar tiomnaithe rothaíochta a sholáthar feadh fhad iomlán na coda seo. Feadh an chuid seo de Chonair Iompair Inbhuanaithe F, tá sé beartaithe codanna de lánaí tiomnaithe bus a sholáthar agus cur chuige athbhreithnithe a ghlacadh i leith bainistíocht tráchta agus sruth tráchta, rud a thacóidh tuilleadh le hiontaofacht ó thaobh agaí turais bus de a fheabhsú.

Tá sé beartaithe na hathruithe seo a leanas a dhéanamh ar an sruth tráchta:

- Leanfaidh sruth tráchta ghinearálta isteach agus amach ó Bhóthar an Iarthair ar aghaidh go Paráid na Díge, rud a éireoidh ina bhealach tráchta dhá threo;
- Éireoidh Sráid na Síorach ina bealach tráchta dhá threo go dtí an t-acomhal le Sráid Grattan/Sráid Theach na Cúirte;
- Ó Shráid Theach na Cúirte, leanfaidh trácht ginearálta isteach ar aghaidh go Sráid na Saoirse. Casfaidh sé ar dheis isteach ar Shráid na Croise (a thiontófar ina bealach aontreo ó dheas) agus ansin casfaidh sé ar chlé isteach ar Shráid Washington;
- Déanfar trácht ginearálta amach ar Shráid Washington atá ag iarraidh dul siar a chur ar mhalairt slí trí Shráid Theach na Cúirte (a

thiontófar ina bealach aontreo aon lána le haghaidh trácht ó thuaidh). Casfaidh sé ar chlé isteach ar Shráid na Síorach ansin agus taistealóidh sé siar feadh Pharáid na Díge;

- Déanfar trácht ginearálta amach ar Shráid Washington a chur ar mhalairt slí freisin tríd an bPríomhshráid Theas/Cé Proby/Sráid an Easpaig/Sráid Sharman Crawford/Cé Wandesford sula bhfillfidh sé ar Shráid Washington chun leanúint siar chun Bóthar Uí Dhonnabháin a rochtain;
- Leanfaidh sruth tráchta ghinearálta isteach agus amach ó Bhóthar Uí Dhonnabháin ar aghaidh go Cé Lancaster/Sráid Washington chomh fada leis an acomhal le Sráid na Muirdíge, áit a gcuirfear an trácht sin ar mhalairt slí go Paráid na Díge. Ní cheadófar do thrácht amach ar Ché Lancaster ach casadh ar chlé isteach ar Bhóthar Uí Dhonnabháin (i.e., ní cheadófar do thrácht ginearálta siar ón gcathair Bóthar an Iarthair a rochtain trí Ché Lancaster, ach beidh sé in ann Bóthar an Iarthair a rochtain trí Shráid Theach na Cúirte/Sráid na Síorach/Paráid na Díge nó trí Shráid na Muirdíge/Paráid na Díge);
- Beidh an nasc ó Ché Lancaster go Bóthar an Iarthair (ag an acomhal le Bóthar Uí Dhonnabháin) ar fáil do bhusanna amháin. Tá sé beartaithe geata bus a thabhairt isteach chun sruth bus agus rothaíochta dhá threo a cheadú agus chun sruth tréthráchta a chosc;
- Beidh Sráid Mhic Conchoille, atá suite lastuaidh den acomhal le Sráid Uí Loingsigh, dúnta do thrácht ginearálta (a chuirfí ar mhalairt slí go Sráid na Muirdíge) chun nascacht fheabhsaithe a éascú do choisithe ó Shráid Washington go Rae na Radharc ag an láthair seo;
- Éascófar rochtain áitiúil ar Phlás Hanover agus ar Shráid Hanover trí Little Cross Street; agus
- Ceadófar do thrácht isteach ón taobh thuaidh (trí Shráid Grattan) atá ag iarraidh taisteal soir casadh ar chlé isteach ar Shráid na Saoirse agus ar dheis isteach ar Shráid na Croise agus ceadófar do thrácht atá ag iarraidh taisteal siar casadh ar dheis isteach ar Shráid na Síorach (a thiontófar ina bealach tráchta dhá threo).

Trí na hathruithe atá beartaithe thuas a dhéanamh ar an sruth tráchta, cabhrófar le lána bus isteach a chur chun feidhme idir Sráid na Muirdíge agus Sráid an Chapaill Bhuí agus le lána bus amach a chur chun feidhme idir an Phríomhshráid Theas agus Sráid Theach na Cúirte. Déanfar an lána bus isteach atá ann

cheana ar Shráid na Síorach a choinneáil freisin chun gluaiseachtaí áitiúla casadh bus a éascú (e.g., gluaiseachtaí áitiúla casadh bus ó Shráid Washington ar ais go Paráid na Díge trí Shráid na Muirdíge agus ar ais ansin i dtreo Shráid na Saoirse agus Shráid na Croise). Déanfar an geata bus atá ann cheana ó Shráid na Síorach go Sráid Theach na Cúirte a choinneáil freisin chun an ghluaiseacht sin a éascú. Cuirfidh an geata bus atá beartaithe ar Bhóthar an Iarthair laistiar de Bhóthar Uí Dhonnabháin srian le sruth tréthráchta idir Bóthar an Iarthair agus Cé Lancaster freisin.

Tá sé beartaithe stadanna bus atá nua agus feabhsaithe a sholáthar feadh an chuid ar fad den chonair, áit a n-athlonnófar a lán stadanna bus chun freastal ar úsáideoirí ar dhóigh níos fearr agus chun soláthar an bhonneagair bhreisithe a chumasú.

Tá sé beartaithe feabhsuithe agus breisithe a dhéanamh ar spásanna uirbeacha agus ar na timpeallachtaí coisithe/rothaíochta freisin ag a lán acomhal feadh an chuid seo den chonair, mar atá leagtha amach sa tábla seo a leanas.

## Feabhsuithe Beartaithe ar Spásanna Uirbeacha agus ar an Timpeallacht Coisithe/Rothaíochta

| Láthair | Feabhsuithe Beartaithe |
|---|---|
| Bóthar an Iarthair, ag an iar-Ospidéal Cluas, Srón agus Scornach. | Trasrian nua coisithe chun rochtain éasca ar stadanna nua bus agus tréscaoilteacht atá feabhsaithe go ginearálta a éascú do choisithe. |
| Bóthar an Iarthair, ag an acomhal le Sráid na Muirdíge. | Feabhsuithe ar an acomhal soilsithe atá ann cheana, agus tús áite á thabhairt do dhearadh a thacóidh le coisithe agus le rothaithe. |
| Sráid Mhic Conchoille, lastuaidh den acomhal le Sráid Uí Loingsigh. | An chuid seo de Shráid Mhic Conchoille a thiontú ina limistéar do choisithe amháin, agus cosáin fheabhsaithe/leathnaithe á soláthar. |
| Sráid Theach na Cúirte. | Oibreacha leathnú cosán ar an dá thaobh den tsráid. |
| Sráid Washington, ag na hacomhail le Sráid Theach na Cúirte, leis an bPríomhshráid Theas agus le Sráid an Chapaill Bhuí. | Feabhsuithe ar na hacomhail shoilsithe atá ann cheana, agus tús áite á thabhairt do dhearadh a thacóidh le coisithe agus le rothaithe. |

Chun freastal ar na feabhsuithe iompair inbhuanaithe sin, tá sé beartaithe go mbeidh tógáil talún theoranta ag teastáil ag an láthair seo a leanas:

- Tailte ar an taobh theas de Shráid na Síorach agus lastoir de Shráid Mhic Conchoille.

## 2.3 Eochairfhíricí

| | |
|---|---|
| An neaslíon réadmhaoine a bhféadfadh go mbeadh tionchar orthu | **201** |
| An neaslíon spásanna páirceála ar an tsráid a d'fhéadfaí a bhaint | **2** |
| An neaslíon crann cois bóthair a d'fhéadfaí a bhaint | **91** |
| Neasfhad bhealach na Conaire Iompair Inbhuanaithe | **5.3 km** |
| Neasfhad an rotharbhealaigh | **10.3 km (raon leithscartha rothar isteach 3.2 km + raon leithscartha rothar amach 3.2 km + ciúinbhealach 2 km ar an dá raon)** |
| An t-aga turais bus faoi láthair | **suas go dtí 35 nóiméad** |
| Aga turais BusConnects | **19 nóiméad** |
| An t-aga turais bus sa todhchaí in éagmais BusConnects | **42 nóiméad** |

## 2.4 An téarmaíocht a thuiscint

### 1. Conair Iompair Inbhuanaithe:

Cuid de Chlár foriomlán BusConnects is ea 12 Chonair Iompair Inbhuanaithe a chruthú. Is é is Conair Iompair Inbhuanaithe ann ná bóthar atá ann cheana lena ngabhann tosaíocht bus chun go mbeidh busanna in ann oibriú ar bhealach éifeachtúil, iontaofa agus poncúil. Is é atá i gceist leis sin go ginearálta ná lánaí tiomnaithe bus ar an dá thaobh den bhóthar ó thús go deireadh gach conaire nó bearta eile a bhfuil mar aidhm leo a chinntiú nach moillítear busanna sa phlódú tráchta ghinearálta. Beidh na lánaí bus le taobh an tráchta ghinearálta agus lánaí/raonta leithscartha rothar nuair is indéanta.

### 2. Raonta Leithscartha Rothar:

Is é is raon leithscartha rothar ann ná cuid leithleach den bhóthar atá tiomnaithe don rothaíocht amháin. Is gnách go mbíonn an spás sin leithlisithe ón trácht feithiclí eile le colbha fisiciúil. In áiteanna nach féidir go fisiciúil raonta leithscartha rothar a sholáthar iontu, beidh an rogha ann bóithre ciúine agus rothaíocht chomhroinnte ar bhóithre luais laghdaithe a thabhairt isteach do rothaithe.

### 3. An Bealach Roghnaithe Éiritheach:

Is iad Bealaí Roghnaithe Éiritheacha na roghanna dearaidh tosaigh le haghaidh gach bealaigh, agus cuirfear iad faoi phróiseas neamhreachtúil comhairliúcháin phoiblí anois. Tá sé mar aidhm leis na Bealaí Roghnaithe Éiritheacha, a bhfuil roinnt foroghanna acu i gcásanna áirithe, an pobal a chur ar an eolas faoi leagan amach dóchúil an bhóthair nuair a bheadh an bonneagar riachtanach Conairí Iompair Inbhuanaithe i bhfeidhm. Áirítear leo an tionchar féideartha ar gharraithe tosaigh agus athruithe dóchúla ar an dóigh a n-oibreoidh an trácht chun freastal ar thosaíocht bus.

### 4. Geata Bus:

Is é is Geata Bus ann ná lána bus neamhspleách a ngabhann comharthaí leis agus atá ann ar feadh fad gearr. Níl rochtain ar an bhfad gearr bóthair sin ach ag busanna, ag tacsaithe, ag rothaithe agus ag feithiclí éigeandála. Éascaíonn sé tosaíocht bus toisc go mbaintear an tréthrácht ginearálta feadh an bhóthair fhoriomláin a bhfuil an geata bus lonnaithe air. Úsáidtear comharthaí chun an trácht ginearálta a threorú dul ar mhalairt slí amach ar bhóithre eile sula mbaineann siad an geata bus amach.




### 5. Tosaíocht atá faoi Rialú ag Comharthaí:

Baintear úsáid le Tosaíocht atá faoi Rialú ag Comharthaí as comharthaí tráchta chun tosaíocht a thabhairt do bhusanna leanúint ar aghaidh roimh an trácht eile ar chodanna de bhóithre lána amháin, ach ní bhíonn sé éifeachtach ach ar feadh faid ghearra. Tagann sé sin chun cinn de ghnáth in áiteanna nach féidir leanúint le lána bus iontu de bharr baic ar an mbóthar. Sampla féideartha den chineál sin is ea cásanna ina bhfuil caolais ag bóthar mar a n-éiríonn sé níos cúinge toisc gurb ann d'fhoirgnimh nó struchtúir nach féidir iad a scartáil chun an bóthar a leathnú ar mhaithe le spás a sholáthar do lána bus. Oibríonn Tosaíocht atá faoi Rialú ag Comharthaí trí úsáid a bhaint as rialuithe comhartha tráchta (ag acomhail de ghnáth), áit nach mór don lána bus agus don lána tráchta ghinearálta cumasc ar aghaidh agus an spás bóthair a chomhroinnt ar feadh achar gearr go dtí go n-atosóidh an lána bus níos faide anonn. Stopfar an trácht ginearálta ag an gcomhartha chun cead a thabhairt don bhus dul tríd an gcuid chúng ar dtús. Tar éis don bhus dul tríd, ceadófar don trácht ginearálta dul trí na soilse ansin.





## Tosaíocht atá faoi Rialú ag Comharthaí



1. Leanann an trácht ar aghaidh mar is gnách.



2. De réir mar a thagann an bus i bhfoisceacht, athraíonn an comhartha solais chun an trácht ginearálta a stopadh.



3. Tá tosaíocht ag an mbus leanúint ar aghaidh.



4. Tar éis don bhus dul tríd an acomhal, leanann an trácht ginearálta ar aghaidh.

## 6. Trasrian Túcánach:

Is é is Trasrian Túcánach ann ná trasrian bóthair a bhfuil mar chuspóir leis coisithe agus rothaithe a chumasú an bóthar a thrasnú trí úsáid a bhaint as rialuithe comhartha a bhfuil dearadh cuspóireach acu.

## 7. Socraíocht Sráide Ciúine:

In áiteanna nach féidir le leithid bhóthair na Conaire Iompair Inbhuanaithe freastal ar rothaithe iontu gan difear mór á dhéanamh do thosaíocht bus ag an am céanna, fiosraítear rotharbhealaí malartacha ar feadh faid ghearra amach ó bhealach bus na Conaire Iompair Inbhuanaithe. Is féidir go n-áireofar le roghanna as líne den sórt sin rothaithe a threorú feadh sráideanna nach bhfuil ach beagáinín tráchta ghinearálta orthu, seachas na húsáideoirí cairr a chónaíonn ar na sráideanna sin. Tugtar Sráideanna Ciúine orthu de bharr an mhéid ísil tráchta ghinearálta atá orthu agus meastar iad a bheith oiriúnach don bhóthar a bheith á chomhroinnt ag rothaithe agus ag an trácht ginearálta, gan aon ghá a bheith ann le raonta leithscartha rothar ná lánaí péinteáilte rothar a chur le chéile. Is é a bheadh i gceist leis an tSocraíocht Sráide Ciúine ná comharthaí comhairleacha cuí do na húsáideoirí ginearálta bóithre agus do rothaithe araon.

## 8. An Ríocht Uirbeach:

Is é is an Ríocht Uirbeach ann ná na gnáthspásanna sráide a n-úsáideann daoine iad chun trasnú, siopadóireacht a dhéanamh, sóisialú agus súgradh agus chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí amhail siúl, aclaíocht nó dul chun na hoibre nó amach aisti. Cuimsítear sa Ríocht Uirbeach na sráideanna, na cearnóga, na hacomhail agus na cearta slí eile uile, bíodh siad i mbun úsáide cónaithe, úsáide tráchtála nó úsáide sibhialta. In áiteanna ina bhfuil an Ríocht Uirbeach dea-dheartha agus leagtha amach go cúramach i suíomh pobail, cuireann sí feabhas ar ghnáthshaol laethúil na gcónaitheoirí agus na ndaoine sin atá ag taisteal tríthi. Baineann sí de ghnáth leis na codanna amuigh faoin spéir den timpeallacht tógtha a bhfuil saor-rochtain ag an bpobal orthu. D'áireofaí léi suíochánra, crainn, cur plandaí agus gnéithe eile chun feabhas a chur ar an eispéireas do gach duine.

# 3. Na Dúshláin a d'Fhéadfadh Teacht Chun Cinn a Thuiscint agus Dóigheanna le Maolú

## 3.1 Forbhreathnú

Tá sé bunriachtanach, ar mhaithe le forbairt na cathrach, go n-infheisteofaí san iompar poiblí i gCorcaigh. Gabhann roinnt dúshlán leis sin, áfach. Chun bonneagar iompair inbhuanaithe ar an tsráid a fhorbairt agus chun infheistiú in athnuachan uirbeach, is gá aird a thabhairt ar a lán éileamh a thagann salach ar a chéile agus ar gá aghaidh a thabhairt orthu ar shlí chothromaithe réadúil. Ní eisceacht í Corcaigh ina leith sin toisc gur bunaíodh an chathair chomh fada siar is an 6ú haois. Cé gur cathair cheannchathartha nua-aimseartha í sa lá atá inniu ann, is ann fós do mhórán seancheathrúna atá comhdhéanta de shráideanna atá cúng agus casta agus atá ag iarraidh níos plódaithe. Is sráideanna cnocacha a bhfuil grádáin ghéara acu iad an-chuid de na sráideanna sin, go háirithe iad sin atá ar an taobh thuaidh den Laoi. Is ann do mhórán sráideanna a bhfuil cosáin chúnga acu nó nach bhfuil aon chosáin acu. Baineann dúshláin atá suntasach agus insáraithe araon lena uathúla atá roinnt mhaith codanna den chathair agus le teorainneacha leis an spás fisiciúil ar féidir obair leis i ndáil leis an leibhéal riachtanach tosaíochta bus agus soláthair rothaíochta a sholáthar. Mar sin féin, tá an tÚdarás tiomanta do leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhpháirt le Comhairle Cathrach Chorcaí chun ceann ar bith de thionchair fhéideartha na hoibre bonneagair a mhaolú agus chun a chinntiú go réadófar an infheistíocht €600 milliún sin i gCorcaigh.

Tá taithí shuntasach ag an Údarás ar bhonneagar bus agus rothaíochta a dhearadh agus, rud tábhachtach, ar theagmháil fhairsing a dhéanamh le pobail, cónaitheoirí agus gnólachtaí an limistéir áitiúil. Is maith is eol dúinn na saincheisteanna agus na hábhair imní a d'fhéadfaí a tharraingt anuas maidir leis an tionchar a bheidh ag aon athrú ar an leagan amach bóthair, le codanna de ghairdíní a bheith á gcailleadh, le páirceáil agus le crainn. Is ar mhaithe le roghanna iompair phoiblí níos inbhuanaithe a bhaint amach do dhaoine agus le haghaidh a thabhairt ar ghéarchéim na haeráide atá na cinntí uile a dhéanann an tÚdarás. Dá bhrí sin, déanaimid ár ndícheall na tionchair dhóchúla a laghdú agus, nuair is féidir, réitigh mhalartacha a aimsiú.

Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ar dóigh dóibh teacht aníos, beidh daoine i ngach limistéar den chathair in ann leas a bhaint as rochtain mhéadaithe ar phoist, ar an oideachas agus ar sheirbhísí bunriachtanacha eile. Bainfidh pobail tairbhe as bonneagar siúil agus rothaíochta níos leithne agus as athnuachan uirbeach, agus bainfidh gnólachtaí leas as nascacht níos fearr chun na daoine is cumasaí a mhealladh chun na cathrach.





## 3.2 Na dúshláin agus conas a mhaolóimid chun aghaidh a thabhairt orthu

### 3.2.1 Athruithe ar an nGluaiseacht Tráchta chun feabhas a chur ar na Roghanna Iompair Inbhuanaithe

#### Breithniúcháin:

Mar thoradh ar níos mó spáis agus tosaíochta a chruthú do bhusanna agus do rothaíocht, beidh athruithe ann ar an dóigh reatha a ngluaiseann carranna príobháideacha timpeall na sráideanna. D'fhéadfadh go dtiontófaí roinnt bóithre ina mbóithre aontreo, tabharfar codanna nua do bhusanna amháin isteach agus, i roinnt áiteanna, beidh ar an trácht ginearálta bealaí nua isteach sa chathair agus amach aisti a ghlacadh. Tógfar rotharbhealaí breise, a bheidh leithscartha ón trácht feithiclí den chuid is mó. Chomh maith leis sin, déanfar trasrianta coisithe a chur le roinnt limistéar agus a aistriú isteach iontu. Beidh sé riachtanach na rotharbhealaí sin a sholáthar feadh na gcroíchonairí seo chun na tairbhí fíora a bhaineann leis an rothaíocht sa chathair a ghiniúint.

#### An Tionchar Féideartha a Laghdú agus a Chothromú:

I gcás go ndéanfar an trácht a chur ar mhalairt slí agus a chur ar atreo, soláthrófar comharthaí leordhóthanacha agus marcanna leordhóthanacha bóthair chun go mbeidh daoine in ann a mbealach a aimsiú. Coinneofar rochtain ar gach réadmhaoin ar bun d'fheithiclí, cé go bhfuil seans ann go n-athrófar roinnt bealaí rochtana.

### 3.2.2 An Fhéidearthacht go bhFaighfí Codanna de Ghairdíní mar Éadáil

#### Breithniúcháin:

Tá beagán spáis neamhúsáidte le fáil feadh an-chuid de na bóithre gnóthacha sa chathair agus, dá bharr sin, ní bheifear in ann ina lán cásanna freastal ar na lánaí bus agus na raonta rothar leis an leithead atá ar fáil. Chun an spás a theastaíonn a bhaint amach, beidh sé riachtanach, i roinnt áiteanna, codanna de spás gairdín de chuid tithe móide talamh os comhair réadmhaoine tráchtála a fháil mar éadáil chun go mbeifear in ann na saoráidí bus agus rothaíochta a sholáthar. I gcásanna ina mbeidh sé riachtanach é sin a dhéanamh, rachfar i mbun comhairliúcháin chuí agus i mbun teagmhála cuí le húinéirí réadmhaoine a d'fhéadfadh a bheith thíos leis.

#### Athdhearadh agus tírdhreachú maolaithe chun an laghdú i spás gairdín a chothromú:

I gcás go mbeidh tailte, amhail codanna de ghairdíní, á bhfáil mar éadáil le haghaidh leathnú – ceannóimid an chuid de ghairdíní tosaigh ó

úinéirí réadmhaoine; cinnteoimid go ndéanfar tírdhreachú nua agus athchur nua ar na gairdíní agus tabharfaimid cúiteamh as an gcuid den ghairdín a cailleadh agus as an gcur isteach.

## 3.2.3 Chun siúl agus rothaíocht a éascú ar shlí níos fearr, laghdófar an líon Spásanna Páirceála ar an tSráid

### Breithniúcháin:

Ós rud é gur trí limistéir chónaithe agus ghnó atá na conairí beartaithe, beidh gá ann leis an méid páirceála ar an tsráid a laghdú chun freastal ar na leaganacha amach nua.

### Chun an laghdú sa líon spásanna páirceála ar an tsráid a fhritháireamh:

I gcás go gcaillfear spásanna páirceála agus go mbeidh sé cuí spásanna ionaid a sholáthar, féachfaimid le spásanna malartacha páirceála a sholáthar in aice láimhe, nuair is indéanta, do chónaitheoirí agus do ghnólachtaí.

## 3.2.4 Athchur crann chun baint fhéideartha roinnt crann atá ann cheana a fhritháireamh

### Breithniúcháin:

Faoi mar atá amhlaidh i gcás an ghá le roinnt codanna de ghairdíní tosaigh a bhaint agus le cosáin a mhionathrú, beidh gá ann freisin le roinnt crann a bhaint feadh conairí áirithe.

### Clár Cuimsitheach Cuir Crann:

Déanfaidh an tÚdarás a dhícheall, áfach, a oiread crann fásta agus is féidir a chothabháil. Ina theannta sin, i gcás gur gá crainn a bhaint ó limistéir cois bóthair agus ó chosáin, cuirfimid clár cuimsitheach athchuir i bhfeidhm. Bainfear úsáid sa chlár sin as crainn lánfhásta nó leathfhásta nuair is cuí agus, nuair is indéanta, cuirfear iad chomh gar agus is féidir do na láithreacha bunaidh. Cinnteoidh sé sin gurb amhlaidh, mar chuid den tionscadal, a athchuirfear crann nua i leith gach crainn a bhainfear.

## 3.2.5 Oibreacha Bóthair agus Láithreáin Tógála

### Breithniúcháin:

Is gá méid áirithe oibre tógála a dhéanamh chun bóithre a leathnú agus chun lánaí bus agus lánaí rothar a thógáil. Tochlófar na bóithre atá ann cheana, mar aon le codanna de ghairdíní agus de chosáin, nuair is gá. Déanfar athdhromchlú, athchur agus tírdhreachú agus leagfar colbhaí. Le linn na gcéimeanna tógála, beidh na láithreáin tógála ina láithreáin áitiúla agus bainisteofar iad de réir an bhóthair. Faoi mar atá amhlaidh i gcás aon láithreáin oibre agus aon oibreacha bóthair, beidh leibhéal áirithe torainn, deannaigh agus atreoruithe sealadacha tráchta ann.

### Aon éifeachtaí atá ag obair thógála a laghdú:

Beidh bainistíocht tráchta an-tábhachtach maidir leis an trácht a choinneáil ag gluaiseacht, agus a chinntiú ag an am céanna go gcoinneofar rochtain áitiúil ar bun do dhaoine agus do sheachadtaí. De bhreis air sin, i gcás go mbainfear ballaí nó fálta príobháideacha agus poiblí, atógfaimid ballaí nua gairdín agus athsholáthróimid na fálta más rud é go ndearnadh difear do ghairdíní agus gur giorraíodh iad. I gcás go nglacfar ballaí agus fálta poiblí nó tráchtála, déanfar iad a atógáil agus a athsholáthar freisin.

## 3.2.6 Infheistiú in Athnuachan Uirbeach agus i Saoráidí do Choisithe a Mhéadú

Lorgóimid limistéir feadh na gconairí gnóthacha inar féidir feabhas a chur ar na spásanna áitiúla atá ann cheana agus ar an tírdhreachú atá ann cheana. Tá sé tábhachtach go dtapóimis an deis seo na nithe a bhainfear a athsholáthar agus feabhas a chur ar na limistéir áitiúla freisin. Chun déanamh amhlaidh, tabharfaimid tacaíocht d'fheabhsuithe a dhéanamh ar lárionaid uirbeacha agus do thimpeallachtaí áitiúla tarraingteacha a chruthú.

## 3.2.7 Fóraim Phobail

Bunófar sraith Fóram Pobail ar mhaithe le hidirchaidreamh a dhéanamh le daoine agus eagraíochtaí ar fud na cathrach de réir mar a dhéantar pleananna le haghaidh na gConairí Iompair Inbhuanaithe a fhorbairt agus a thabhairt chun críche agus de réir mar a dhéantar dul chun cinn orthu. Is é an aidhm atá leis an obair sin ná cumarsáidí dhá threo a chruthú le pobail áitiúla, rud a fhágann gur féidir faisnéis agus aiseolas a mhalartú ar shlí chaoithiúil chuimsitheach. Tá sé beartaithe go ndéanfaidh cathaoirleach neamhspleách cathaoirleacht ar chruinnithe na bhFóram Pobail agus go n-áireofar leo cumainn phobail, grúpaí sainleasa, eagraíochtaí gnó, ionadaithe don phobal áitiúil agus pearsana ón Údarás. Chun faisnéis a fháil maidir le conas is féidir le hionadaithe do ghrúpaí cónaitheoirí agus do ghrúpaí pobail a bheith ina mball d'Fhóram, tabhair cuairt ar an suíomh Gréasáin **www.busconnects.ie/cork**.



# 4. An Próiseas um Thalamh a Fháil

Cé go ndéanfar dianiarracht an tionchar ar thailte réadmhaoine príobháideacha a íoslaghdú, beidh láithreacha ann ina mbeidh sé riachtanach an bóthar a leathnú tuilleadh. Chun déanamh amhlaidh, beidh sé riachtanach, mar shampla, codanna de ghairdíní tosaigh, de bhallaí, d’fhálta, de gheataí agus de chabhsáin a fháil agus na gnéithe sin a atógáil chun go mbeifear in ann an tsráid a leathnú. Beidh feidhm ag an bpróiseas seo a leanas i gcásanna den sórt sin.

Ar an gcéad dul síos, eiseoidh an tÚdarás litreacha faisnéise chuig gach úinéir talún agus/nó gach áititheoir feadh na gConairí Iompair Inbhuanaithe a bhféadfadh go mbeadh tionchar ag na tograí leathnúcháin orthu. Ní fógraí foirmiúla ordaithe ceannaigh éigeantaigh iad sin – ní dhearnadh aon chinneadh críochnaitheach ar na tograí go fóill. Tá sé mar rún leis na litreacha sin tús a chur le hidirphlé díreach idir an tÚdarás agus na páirtithe a bhféadfadh go mbeadh tionchar orthu.

Tar éis na litreacha faisnéise sin a eisiúint, leanfar le dearaí a fhorbairt agus le comhairliúchán.

Le linn na tréimhse sin, beachtóidh an tÚdarás an dearadh agus breithneoidh sé roghanna chun na tionchair ar thailte príobháideacha a laghdú. Leanfar leis an idirphlé díreach idir an tÚdarás agus na páirtithe a bhféadfadh go mbeadh tionchar orthu chun tuiscint a ghnóthú ar thionchar dóchúil na forbartha atá beartaithe agus ar na socruithe is féidir a dhéanamh chun na tionchair sin a laghdú agus, nuair is féidir, iad a sheachaint.

Ar an bpróiseas deartha a chur i gcrích, rud is dóigh a tharlóidh sna míonna tosaigh den bhliain 2024, déanfaidh an tÚdarás na doiciméid reachtúla phleanála a thabhairt chun críche agus iarratais fhoirmiúla ar thoiliú a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála le haghaidh scéimeanna beartaithe BusConnects, lena n-áireofar deimhniú a lorg chun na tailte riachtanacha a cheannach go héigeantach. Is ag an gcéim sin a sheirbheálfaidh an tÚdarás fógra foirmiúil ar na húinéirí iarbhír a mbeidh tionchar orthu, arbh iad úinéirí na talún a bheidh beartaithe le ceannach go héigeantach le haghaidh na dtionscadal iad.

Beidh sé mar ról ag an mBord Pleanála ansin a chinneadh cé acu ba cheart nó nár cheart leanúint leis an scéim ar leith a thógáil. Ag teacht sna sála ar na hiarratais phleanála a fháil, beidh tréimhse comhairliúcháin phoiblí reachtúil ann chun ligean do na daoine sin ar cuireadh in iúl dóibh go mbeadh siad faoi réir fáil réadmhaoine go pointe éigin, agus chun ligean don phobal i gcoitinne, aighneachtaí agus/nó agóidí a dhéanamh go díreach leis an mBord Pleanála. Seolfaidh an Bord Pleanála Éisteacht ó Bhéal ina dhiaidh sin má mheastar í a bheith riachtanach. Ag deireadh an phróisis reachtúil, déanfaidh an Bord Pleanála cinneadh ar cé acu:

1. An scéim atá beartaithe a cheadú fara nó d’éagmais modhnuithe agus faoi réir cibé coinníollacha timpeallachta is cuí leis, nó diúltú don scéim atá beartaithe a cheadú; agus
2. An tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh nó aon chuid de a dheimhniú fara nó d’éagmais coinníollacha nó modhnuithe, nó an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh nó aon chuid de a neamhniú.

Más rud é go ndeonóidh an Bord Pleanála ceadú le haghaidh na scéimeanna, déanfaidh an tÚdarás, ón mbliain 2025 ar aghaidh, luachálacha agus idirbheartaíocht chun na tailte san Ordú Ceannaigh Éigeantaigh a fháil agus dul chun cinn a dhéanamh ar thógáil na dtionscadal. Maidir leis an gcúiteamh is iníoctha as aon fháil, áireofar leis luach na talún atá á fáil móide aon díluacháil (má bhaineann) sa chuid eile den réadmhaoin, costais suaite/chuir isteach agus táillí gairmiúla amhail luachálaithe agus/nó aturnaetha a theastaíonn le haghaidh na fála.

Beidh suas le dhá bhliain ag teastáil chun gach conair ar leith a thógáil. Bainisteofar na dátaí tosaithe tógála le haghaidh gach ceann den 12 chonair thar an tréimhse ón mbliain 2025 go dtí an bhliain 2030.



## 4.1 Conas a rachaidh an Tionscadal ar aghaidh trí chomhairliúcháin phoiblí go dtí Pleanáil Fhoirmiúil

### 2022

### IDIRCHAIDREAMH

**Comhairliúchán ar an mBealach Roghnaithe Éiritheach – Ráithe 2/Ráithe 3**

Comhairliúchán ar Thograí an Bhealaigh Roghnaithe Éirithigh.

### 2023

**Tuilleadh Comhairliúcháin ar an mBealach Roghnaithe – Ráithe 1/ Ráithe 2**

An Dréachtbhealach Roghnaithe a fhoilsiú – Ráithe 1/Ráithe 2. Tar éis an t-aiseolas arna fháil a chur san áireamh, foilseofar Bealaí Roghnaithe le haghaidh na gConairí Iompair Inbhuanaithe – tréimhse dhá mhí de chomhairliúchán poiblí.

### 2023-2026

### PRÓISEAS REACHTÚIL

**An tIarratas Reachtúil a ullmhú**

- An Dearadh Innealtóireachta a Bharrfheabhsú
- Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta a ullmhú
- Riachtanais réadmhaoine a shainiú agus Ordú Ceannaigh Éigeantaigh a ullmhú

## 2024-2025

### Iarratais chuig an mBord Pleanála

- Iarratais a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála ar an Scéim atá Beartaithe a cheadú agus ar an Ordú Ceannaigh Éigeantaigh gaolmhar a dheimhniú
- Comhairliúchán Reachtúil de réir na gceanglas reachtach
- Breithniúcháin an Bhoird Pleanála, lena n-áirítear Éisteacht ó Bhéal nuair is gá
- Féadfaidh an Bord Pleanála:
    1. An Scéim atá Beartaithe a cheadú fara nó d'éagmais modhnuithe agus faoi réir cibé coinníollacha timpeallachta is cuí leis, nó diúltú don Scéim atá Beartaithe a cheadú; agus
    2. an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh nó aon chuid de a dheimhniú fara nó d'éagmais coinníollacha nó modhnuithe, nó an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh nó aon chuid de a neamhniú.

## 2025-2030

### FÁIL AGUS TÓGÁIL

**Cuirfear Tús le Tógáil ar Bhonn Céimnithe – Beidh suas le dhá bhliain ag teastáil chun gach uasghrádú conaire a chur i gcrích**

# 5. Conas is féidir páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí agus do thuairim a chur in iúl

Tabhair ar aird gurb é atá sna pleananna atá á bhfoilsiú againn ná tograí agus nach ndearnadh aon chinneadh críochnaitheach ar na nithe sin roimh an gcomhairliúchán poiblí. Fáiltímid roimh thuairimí gach duine. Mura maith leat togra ar leith, smaoinigh ar réiteach malartach nó rogha eile a mholadh lena bhreithniú nó lena breithniú.

## 5.1 Má tá ag úinéir réadmhaoine talamh a bhféadfadh go mbeadh tionchar air

Más rud é go bhféadfadh go mbeadh tionchar ag na tograí ar do réadmhaoin, beidh litir seachadta ar an réadmhaoin agus beidh mionsonraí sa litir sin faoi conas is féidir idirchaidreamh a dhéanamh leis an Údarás.

Beidh ionadaí idirchaidrimh réadmhaoine tiomnaithe ar fáil chun teagmháil a dhéanamh le gach úinéir réadmhaoine agus an t-eolas is deireanaí ar an tionscadal a thabhairt ar bhonn tráthrialta.

## 5.2 Ceisteanna ginearálta

Tá ag suíomh Gréasáin an tionscadail ag www.busconnects.ie/cork rannán tiomnaithe Conairí Iompair Inbhuanaithe, agus tá an 12 Bhróisiúr uile ar fáil le hamharc orthu agus le híoslódáil. Is féidir ceisteanna ginearálta a sheoladh trí ríomhphost chuig **corkstc@busconnects.ie**

I gcás ceisteanna nach bhfuil an fhaisnéis ina leith ar fáil ar an suíomh Gréasáin, cuir glao ar – **1800 303 653**

## 5.3 Conas is féidir aighneacht a sheoladh

Táimid ag iarraidh aighneachtaí maidir leis na tograí atá leagtha amach sa Doiciméad seo ar na Bealaí Roghnaithe Éiritheacha.

### Is féidir aighneachtaí agus tuairimí a chur isteach ach scríobh chuig na seoltaí seo:

Ar Líne: Cliceáil ar an rannán "Comhairliúchán Poiblí" ar an leathanach Conairí Iompair Inbhuanaithe ar ár suíomh Gréasáin: **https://consult.nationaltransport.ie**

Nó trí chasadh an phoist chuig:
**Tionscadal Chonairí Iompair Inbhuanaithe Chorcaí,**
**An tÚdarás Náisiúnta Iompair,**
**Dún Scéine, Lána Fhearchair,**
**Baile Átha Cliath 2 D02 WT20**



# 6. Aguisíní

6.1 Léarscáileanna innéacs
6.2 Léarscáileanna bealaigh




TABHAIR FAOI DEARA: Níl sa Bhealach Roghnaithe Éiritheach a léirítear ar na líníochtaí seo a leanas ach léiriú táscach agus tá sé faoi réir athruithe tar éis comhairliúcháin agus mar chuid den phróiseas forbartha dearaidh.


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
BISHOPSTOWN GIRLS NATIONAL SCHOOL
MELBOURN ROAD
CURRAHEEN ROAD
Tie in to Existing
PROPOSED SCHEME
DEAN'S HALL
NEW BUS STOP LOCATION
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
HAWKE'S ROAD
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
WESTGATE ROAD
DUNNES STORES
CREDIT UNION
FIRGROVE AVENUE
NEW BUS STOP LOCATION
CURRAHEEN ROAD
HAWKE'S ROAD
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
TOUCAN CROSSING
BARRATT'S LANE
AIB BANK
SAINT JOSEPH'S LAWN
WINDERMERE COURT
BISHOPSTOWN ROAD
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH


LÁNA
BUS
BUS
LÁNA


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
FIRGROVE GARDENS
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
CURRAHEEN ROAD
AIB BANK
BISHOPSTOWN BAR
BISHOPSTOWN ROAD
WOODBROOK ROAD
MERYLN LAWN
BISHOPSCOURT ROAD
BISHOPSCOURT GREEN
BISHOPSCOURT DRIVE
BISHOPSCOURT AVE
GARDA STATION
WILTON AVENUE
NEW BUS STOP LOCATION
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
CEDAR AVENUE
SCALE BAR
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
CORK UNIVERSITY HOSPITAL
WILTON AVENUE
LIDL
BISHOPSTOWN ROAD
ALDI
CARDINAL WAY
WILTON SHOPPING CENTRE
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
NEW BUS STOP LOCATION
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
3.0m FOOTPATH
VARIES GRASS VERGE
2.0m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m CENTRAL MEDIAN
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
2.0m CYCLE TRACK
VARIES GRASS VERGE
3.0m FOOTPATH


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
CORK UNIVERSITY HOSPITAL
WILTON ROAD
LIAM LYNCH PARK
BISHOPSTOWN ROAD
GLASHEEN ROAD
SARSFIELD ROAD
SUMMERTOWN ROAD
Car Park
PROPOSED TWO-WAY CYCLE TRACK
TOUCAN CROSSING
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
TIE INTO POTENTIAL FUTURE CYCLE ROUTE TO CLASHDUV ROAD
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
PROPOSED SCHEME
Tie in to Existing
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
TYPICAL CROSS SECTION
3.0m FOOTPATH
VARIES GRASS VERGE
2.0m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m CENTRAL MEDIAN
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
2.0m CYCLE TRACK
VARIES GRASS VERGE
3.0m FOOTPATH


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
CORK UNIVERSITY HOSPITAL
WILTON GARDENS
WILTON ROAD
LIAM LYNCH PARK
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
PEDESTRIAN AND CYCLE CROSSING FACILITIES PROVIDED
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
NEW BUS STOP LOCATION
EXISTING JUNCTION CLOSED
ALTERNATIVE PEDESTRIAN AND CYCLE ROUTE
PRESENTATION BROTHERS COLLEGE SPORTS GROUNDS
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
2.0m FOOTPATH


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
CHURCH OF THE HOLY SPIRIT, DENNEHYS CROSS
MODEL FARM ROAD
Ballincollig to City Sustainable Transport Corridor E
PROPOSED SCHEME
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
NEW BUS STOP LOCATION
VICTORIA CROSS
WILTON GARDENS
WILTON ROAD
TESCO EXPRESS
MAGAZINE ROAD
ALTERNATIVE PEDESTRIAN AND CYCLE ROUTE
PRESENTATION BROTHERS COLLEGE SPORTS GROUNDS
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
CORK COUNTY HALL
CARRIGROHANE ROAD
CURRAGHEEN RIVER
RIVER LEE
SACRED HEART CHURCH
UCC UNIVERSITY HALL
VICTORIA CROSS ROAD
FARRANLEA ROAD
ORCHARD ROAD
TORIA CROSS
Tie in to Existing
PROPOSED SCHEME
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
NEW BUS STOP LOCATION
PROPOSED TWO-WAY CYCLE TRACK
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
PROPOSED PEDESTRIAN/ CYCLE BRIDGE
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
Sunday's Well to Hollyhill Sustainable Transport Corridor L
PROPOSED SCHEME
SACRED HEART CHURCH
Sacred Heart Catholic Church
UCC MARDYKE SPORTS GROUND
MARDYKE WALK
WESTERN ROAD
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
NEW BUS STOP LOCATION
PROPOSED PEDESTRIAN/ CYCLE BRIDGE
PROPOSED TWO-WAY CYCLE TRACK
UCC WESTERN GATEWAY BUILDING
Western Gateway Building
UCC Western Campus
Health Centre
Car Park
Victoria Mills Apts.
RIVER LEE
JENNINGS POOL
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
3.0m CYCLE TRACK
0.8m BUFFER
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
2.0m FOOTPATH


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
UCC MARDYKE SPORTS GROUND
FITZGERALD'S PARK
MARDYKE WALK
FERRY WALK
NO RIGHT TURN SIGN
WESTERN ROAD
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
NEW BUS STOP LOCATION
PEDESTRIAN CROSSING
GAOL WALK
UCC CASTLEWHITE APARTMENTS
RIVER LEE
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
2.0m FOOTPATH



© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
CORK COUNTY CRICKET CLUB
MARDYKE WALK
TOUCAN CROSSING
TWO-WAY CYCLE TRACK
EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES
NO STRAIGHT AHEAD SIGN
PEDESTRIAN CROSSING
EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES
NO LEFT TURN SIGN
Avondale
WESTERN ROAD
PEDESTRIAN CROSSING
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
PROPOSED BUS GATE, NO THROUGH TRAFFIC EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES
TOUCAN CROSSING
PROPOSED SCHEME
Ballincollig to City Sustainable Transport Corridor E
RIVER LEE
UNIVERSITY COLLEGE CORK
Art Gallery
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
2.0m FOOTPATH


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
St JOSEPH'S NATIONAL SCHOOL
PRESENTATION BROTHERS COLLEGE
MARDYKE WALK
TOUCAN CROSSING
PEDESTRIAN CROSSING
TWO-WAY CYCLE TRACK
ERINVILLE HOSPITAL
EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES
NO LEFT TURN SIGN
NEW BUS STOP LOCATION
WESTERN ROAD
PROPOSED BUS GATE, NO THROUGH TRAFFIC EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES
PROPOSED SCHEME
Ballincollig to City Sustainable Transport Corridor E
NO STRAIGHT AHEAD SIGN
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
AMINIS HOUSE
RIVER LEE HOTEL
RIVER LEE
O'DONOVAN ROSSA ROAD
SCALE BAR
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
0.8m BUFFER
2.1m PARKING
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
PRESENTATION BROTHERS COLLEGE
TYNDALL NATIONAL INSTITUTE
UCC LEE MALTINGS COMPLEX
PROSPECT ROW
MERCY UNIVERSITY HOSPITAL
MOORE STREET
SHEARE'S STREET
DYKE PARADE
WOODS STREET
LITTLE HANOVER STREET
MARDYKE STREET
ANNE STREET
WESTERN ROAD
LANCASTER QUAY
WASHINGTON STREET
RIVER LEE
HANOVER STREET
ST FINBARR'S ROAD
NO LEFT TURN SIGN
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
NEW BUS STOP LOCATION
NO RIGHT TURN SIGN
EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES
NO STRAIGHT AHEAD SIGN
PROPOSED SCHEME
Tie in to Existing
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
VARIES FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m CYCLE TRACK
VARIES FOOTPATH


LÁNA
BUS


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
COACH STREET
GRATTAN STREET
SAINT FRANCIS' CATHOLIC CHURCH
SHEARE'S STREET
ANNE STREET
NO LEFT TURN SIGN
NO RIGHT TURN SIGN
COURTHOUSE STREET
CORK COURTHOUSE
CROSS STREET
EXISTING JUNCTION UPGRADED TO PROVIDE BUS PRIORITY WITH PEDESTRIAN AND CYCLE FACILITIES
WASHINGTON STREET
SOUTH MAIN STREET
NEW BUS STOP LOCATION
SAINT AUGUSTINE'S CHURCH
Tie in to Existing
PROPOSED SCHEME
GRAND PARADE
HANOVER PLACE
LITTLE CROSS STREET
HANOVER STREET
EXCEPT BUSES TAXIS AND BICYCLES
NO STRAIGHT AHEAD SIGN
Togher to City
Sustainable Transport Corridor G
RIVER LEE
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
ALTERNATIVE TRAFFIC ROUTES
ONE-WAY INBOUND VIA LIBERTY STREET AND CROSS STREET
ONE-WAY OUTBOUND VIA WASHINGTON STREET AND COURTHOUSE STREET
STC G OUTBOUND CORRIDOR
STC G INBOUND CORRIDOR
BUS GATE
BUS GATE
WESTERN ROAD
DYKE PARADE
DONOVAN'S ROAD
MARDYKE STREET
LANCASTER QUAY
WOODS STREET
PROSPECT ROW
SHEARE'S STREET
LYNCH'S STREET
LITTLE HANOVER PLACE
GRATTAN STREET
WASHINGTON STREET
HANOVER STREET
HANOVER PLACE
COURTHOUSE STREET
CROSS STREET
LITTLE CROSS STREET
LIBERTY STREET
SOUTH MAIN STREET
WANDESFORD QUAY
CROSSES GREEN
SHARMAN CRAWFORD STREET
LEGEND:
SUSTAINABLE TRANSPORT CORRIDOR
MAJOR THROUGH ROUTES
BUS GATE
LOCAL ROAD NETWORKS
ONE-WAY SECTION
LOCAL ACCESS SECTION
NO GENERAL TRAFFIC PERMITTED IN THE DIRECTION INDICATED
CUL-DE-SAC
MOVEMENTS FOR GENERAL TRAFFIC IN THE DIRECTION INDICATED

Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

An tÚdarás Náisiúnta Iompair
Lána Fhearchair,
Dún Scéine,
Baile Átha Cliath 2,
D02 WT20

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040